


# AISTEAR – Follaine

Baineann an téama **folláine** le gasúir a bheith muiníneach, sásta agus folláin. Is faoi chothú, aire a thabhairt duit féin agus sábháilteacht na leabhair sa tsraith seo. Cuideoidh siad freisin cur leis an tuiscint atá ag na páistí ar mheas a bheith acu orthu féin agus ar dhaoine eile, a bheith láidir agus dul sa seans agus iad ag foghlaim. Cuireann na leabhair seo béim ar dhearcadh dearfach i leith an tsaoil agus na foghlama a chur chun cinn agus a



comhairle chontae na mí  
*meath county council*




**'Mo Chuid Amhráin Ghaeilge 2'**  
Tatyana Feeney agus Risteard Mac Liam  
My Irish Books

6 amhrán áille agus 6 íomhá áille. Brúgh an cnaipe agus éist le ceol álainn na hÉireann!




**'Eilifint Óg agus an Folcadán'**  
Tatyana Feeney  
An Gúm

Tá Eilifint Óg glan in aghaidh an fholcaáin! Níor éirigh le Mamaí é a mhealladh isteach ann go fóill ach tá cleas mór amháin fágth aici!




**'Babáí Cathal: Am dul a luí'**  
Anne Paradis  
Futa Fata

Tá Cathal réidh le dul a luí. Ach tá rudaí ar iarraidh air. Féach faoi na flapaí agus cabhraigh leis gach rud a fháil.




**'Baba Cathal: Lá Nua'**  
Anne Paradis  
Futa Fata

Tá Cathal ag réiteach don lá nua. Ach tá rudaí ar iarraidh air. Féach na flapaí agus cabhraigh leis gach rud a fháil.




**'Baba agus Jeaic: Éadaí Deasa'**  
**Pauline Oud**  
**Futa Fata**

Tá Baba á gléasadh féin. Cuireann sí uirthi a brístín, a veist, ansin stocaí agus gúna.  
 Agus tá Jeaic ag cabhrú léi ar feadh an ama.




**'Baba agus Jeaic: Bia Blasta'**  
**Pauline Oud**  
**Futa Fata**

Tá bia blasta ag Baba agus Jeaic. Tá Baba ag ithe banana, briosca agus úll.  
 Agus Jeaic – tá gach rud ite cheana féin aige!




**'Baba agus Jeaic: Am folcadáin'**  
**Pauline Oud**  
**Futa Fata**

Tá sé in am folcadáin ag Baba agus Jeaic.  
 Tá sé in am spraoi le lacha, gruaig a ní le seampú agus glanadh go maith le spúinse.  
 Ansin, beidh tuáille mór teolaí ag fanacht leo.



**'Coinín Beag Bocht'**  
**Jörg Mühle**  
**Futa Fata**

Ó na habair! Thit Coinín Beag! Bhuail sé a uillinn. Tá pian inti!  
 An féidir leatsa Coinín Beag a chur ina cheart?




**'Codladh Sámh, a Choinín Beag!'**  
**Jörg Mühle**  
**Futa Fata**

Tá sé in am Coinín Beag a chur a luí. Cuimil a chluasa, socraigh isteach sa leaba é agus múch an solas dó.




**'Cén t-am é?'**  
**Siobhain Grogan agus Olivia Golden**  
**Cois Life**

Cén t-am é? Leanann an leabhar seo Saoirse i rith an lae, ó mhaidin go hoíche, ó am bricfeasta go dtí am luí. Is féidir leat í leanúint ag baint úsáide as na flapaí – is an t-am ceart le haghaidh gach eachtra lae a aimsiú ar an gclog.



**'Mo Cholainn ó Bhaithis go Bonn'**  
**Zita Newcome**  
**An Gúm**

Sa leabhar seo tugtar spleáchadh ar an gcolainn agus ar an éagsúlacht mhór a bhaineann léi: Ní mar a chéile aon bheirt ó thaobh mhéid, chruthagus dhath a gcolainne de gan trácht ar na miontréithe eile – dath na súl, cruth na sróine, agus araile. Tá ranna sa leabhar freisin a bhaineann leis an ngá atá le cúram a dhéanamh den cholainn, le cúrsaí tinnis agus le fás agus forbairt an pháiste.




**'An Caitín a d'ith an Píotsa!'**  
**Páraic Breathnach agus Olivia Golden**  
**Cló Maigh Eo**

Tá píosta mór anseo agam. Cuir suas ar do ghluaisrothar é agus tabhair suas chuig Baba Mhór é," a deir Fear an Phíosta leis an gCaitín. Imíonn an Caitín gan mhoill agus an píosta aige le tabhairt do Bhaba Mhór... ach is ansin a thosaíonn t-ocras ag teacht air féin!



**‘Bronntanas do Mhamáí’**  
**Vivian French agus Dana Kubick**  
**An Gúm**

Lá breithe Mhamáí atá ann. Tá bronntanais ag an gcuid eile den chlann di. Ach Séimí bocht! Níl a fhios aige céard a dhéanfaidh sé in aon chor.



**‘Cáca don Rí’**  
**Ailbhe Nic Giolla Bhrighde agus Steve Simpson**  
**Futa Fata**


Is iontach an báicéir í Rúbaí Rua. Ach ní maith léi go mbeadh éinne ag cabhrú léi, go háirithe na luchóga a chónaíonn ina teach báicéara. Nuair a ordaíonn an Rí cáca dá lá breithe, tá Rúbaí agus na luchóga ar bís – go dtí go dtarlaíonn timpiste uafásach...

Beidh léitheoirí óa ar bís leis an scéal aoibhinn seo faoi chirdeas, comhoibriú – agus cáca álainn lá breithe!




**‘Frog sa Spéir’**  
**Eric Drachman agus James Muscarello**  
**Futa Fata**

Is frog speisialta é Frainc. Níl sé sásta a bheith ag snámh. Ag iarraidh eitilt atá sé! Deir Mamaí agus Daidí leis nach bhfuil frogar bith in ann eitilt – ach meas tú an gcuirfidh sé sin stop leis? Tar le Frainc agus é ag léim agus titim, go dtí go dtagann sé faoi dheireadh ar a áit speisialta féin sa lochán uisce.




**‘Cá bhfuil Ruairí’**  
**Colmain Ó Raghallaigh agus Anne Marie Carroll**  
**Cló Maigh Eo**

Tá Ruairí ar iarraidh agus téann a chairde á chuartú. Ní fada ansin go mbíonn scata mór daoine sa tóir air. Ach ní mar a shíltear bítear agus i ndeireadh na dála tá casadh gan choinne i ndán dóibh go léir...



**‘Cá bhfuil Ruairí’**  
**Colmain Ó Raghallaigh agus Anne Marie Carroll**  
**Cló Maigh Eo**

Seo chugainn arís iad! Eachtra spraíúil eile le Ruairí agus a chairde. Tá Máirtín san ospidéal agus socraíonn eile Ruairí agus Séimí dul ar cuirt chuige. Ach cén bronntanas a thabharfaidh siad leo?




**‘Eoin Eolaí: Fiacla Folláine’**  
**Kate Rowan agus Katharine McEwen**  
**An Gúm**

Cén fáth a ndéanaimid ár gcuid fiacla a ghlanadh? Tá a fhios ag Eoin cén fáth agus le beagán cabhrach óna Mham insíonn sé an scéal go léir faoi na fiacla – idir dhiúlfhiacla agus fhiacla móra – ó thús deireadh. Scéal suimiúil é scéal d’fhiacla, agus a chaoi chun togha na haire a thabhairt dóibh. Léigh leat agus beidh tú féin chomh heolach le hEoin agus rud níos tábhachtaí fós beidh fiacla breátha láidre áille agat!




**‘Mí mise a rinne é!’**  
**Bridget Bhreathnach agus Donough O’Malley**  
**Futa Fata**

Nuair a bhíonn Séimí as féin, is breá leis bheith ag cumadh cairde nua le cluichí a imirt leo. Ach má bhíonn timpiste aige, ní féin a bhíonn an locht, ach ar na cairde atá cumtha aige! Níl Mamaí róthógtha lena chuid scéalta móram ná leis an bhreagra a bhíonn ag Séimí i gcónaí – Níl mise a rinne é! Nuair a thagann trí eilifintí beaga isteachi lár hoíche, tá Séimí níos cinnte ná riamh nach air féin atá an locht – ach an gcreidfidh Mamaí go deo é?




**‘A Leithéid!’**  
**Gillian Lobel, Adrienne Geoghegan agus Gabriel Rosenstock**  
**An Gúm**

Tháinig Caoimhe Corr ar uibheacha ag ghaineamh. Cén saghas uibheacha iad? Cé a d’fhág ansin iad? Bhí an-spórt ag Caoimhe agus a cairde ag iarraidh a shamhlú cén saghas báibíní a thiocfadh ar an saol




**‘Tomhais Méid Mo Ghrá Duit’**  
**Sam McBratney, Anita Jeram agus Gabriel Rosenstock Walker Éireann**

Nuair atá grá mór i do chroí agat do dhuine éigin... ba mhaith leat an grá sin a chur in iúl dó. Ach, faoi mar a fhaigheann Giorria Donn Óg agus Giorria Donn Mór amach, is deacair an grá a thomhas!




**‘Dónall An Chlúimh Agus An-Ocras Air!’**  
**Eric Carle agus Denis Courtney**  
**Puffin/Scholastic**

Tá ocras an domhain ar Dónall an Chlúimh. Lean é agus é ag ithe bia difriúla agus ag éirí níos mó agus níos mó!




**‘Lá Álainn Dainín’**  
**Tadhg Mac Dhonnagáin agus Steve Simpson**  
**Futa Fata**

Caith an la i gcomhlúadar Dainin agus bain taitneamh as na habhair eagsula ata le mothu sa leabhar tadhaill seo - an chead bhunleabhar da short sa Ghaeilge.




**‘Bláithín ar an bPota’**  
**Bairbre Ní Chuanaigh agus Sheena Dempsey**  
**An Gúm**

Ba mhaith le Bláithín a bheith ina cailín mór agus tá sí réidhleis an bpota a úsáid. Leabhar gleoite do chailíní atá ag dul ar an bpota den chéad uair.




**'Am Codlata i Lár na Coille'**  
**Carole Lexa Schaefer agus Vanessa Cabban**  
**An Gúm**

Tá sé in am codlata ag na hainmhithe óga i lár na coille – na béir, na gráinneogam, na coiníní agus na buafa. Ní fonn codlata atá orthu áfach, ach fonn spraoi.



**'Tá Béar Bocht Tinn!'**  
**Karma Wilson, Jane Chapman agus Eithne Ní Ghallchobhair**  
**Cló Maigh Eo/Simon & Schuster**


An fómhar atá ann, ach istigh sa choill ní airíonn Béar go rómhaith. Ligeann sé sraoth as féin agus tosaíonn sé ag snagaireacht. Ní féidir leis dul a chodladh. Tá a chorp nimhneach. Níos measa fós, tá sé róthim chun dul amach ag súgradh lena chairde. Ach tugann cairde Bhéir aire mhaith dó. Déanann siad tae luibhe dó agus canann siad suantraithe binne go dtí go mothaíonn sé níos fearr agus go dtagann BISEACH air!



**'Fungie agus An Tine Mhór'**  
**AnnMarie McCarthy agus Ré Ó Laighléis**  
**Móinín**

Fungie groíúil gáireach geal ar ais linn fós eile! Agus, an uair seo, tagann sé féin agus a chairde i gcabhair ar mhuintir An Daingin in am an ghátair. Níl insint ar an ngreann, ar an ngus agus ar an ngluaiseacht i measc ainmhithe na mara, agus iad ag déanamh éachtra i ndoircheacht na hoíche. Agus níl a fhios ag cónaitheoirí An Daingin a dhath ar domhan faoin iontas go dtí go ndúisíonn siad ar maidin. Tar linn athuair agus bí páirteach sa ghreann, sa ngus, sa ghluaiseacht in le Fungie agus a chairde!





### 'Cití san Aer Arís'

**Korky Paul, Valerie Thomas agus Éilís Ní Anluain  
An Gúm**

Eitlíonn Cití ar a scuab dhraíochta i gcónaí agus í g dul ó áit go háit. Sa chaoi sin seachnaíonn sí soilse tráchta agus, ar ndóigh, tranglam tráchta Ní bhíonn roimpi de ghnáth, ach an spéir ghlan. Ach le déanaí thosaigh rudaí ag teacht sa tslí uirthi. Ar na nithe sin bhí héileacaptar, faoileoir agus foirgneamh ard. Cén leigheas a bhí aici ar an scéal? Bhain sí leas a slaitín draíochta chun gléasanna eile taistil a dhéanamh as an scuab. Ach ba measa an scéal ansin ná riamh?

## CAOIMHE

agus an bogha báistí



Siobhain Grogan  
Róisín Curé

### 'Caoimhe agus an bogha báistí'

**Siobhain Grogan agus Róisín Curé  
An Gúm**


Ní maith le Caoimhe torthaí. Ach is breá léi dathanna an bhogha báistí. Déanann Mamaí margadh cliste léi a mbíonn toradh an-sláintiúil air! Leabhar gleoite a mheallfaidh idir óg is aosta.



### 'Lá Mór Fada'


**Jc Gírbés agus Silvia Ortega  
Leabhar Breac**

Táimid ag foghlaim foain lá. Éiríonn Caitlín agus Cormac ar maidin. Tá lá fada amach rompu, agus tá go leor le déanamh acu!



**‘Macán agus an gobán’**  
**Orianne Lallemand agus Éléonore Thuillier**  
**Leabhar Breac**

Tá Macán an-tógtha lena ghobán súraic. Ach deir Mama agus Daidí nach páiste anois é, agus go bhfuil sé in am an gobán a chur uaidh. Cad a dhéanfaidh sé anois?



**‘Percy Péacóg’**  
**by Gemma Breathnach agus Tarsila Krüse**  
**Futa Fata**

Tá Percy Péacóg cuthail. Ní maith leis aird, ach tá rud amháin, mór álainn, ildaite ag baint le Percy a tharraingíonn go leor airde air! Ní maith le Percy Péacóg nuair a bhíonn daoine ag féachaint air. Ach is deacair gan féachaint air, uaireanta...



**‘Luán agus an Mórphianó’**  
**Gemma Breathnach agus Delphine Bodet**  
**Futa Fata**

Is luch an-cheolmhar é Luán. Ba bhreá leis seinm ar stáitse Halla na Cathrach – ach níl cead isteach ann ag luch le bheith ag éisteacht, fiú!